*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Naíscoil Uí Chleirigh
## Dún Geanainn

## Dáta na Cigireachta: Samhain 2007

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Uí Chleirigh |
| **Seoladh:** | 70 Bóthar Lios an Choill<br>DÚN GEANAINN<br>Co Thír Eoghain<br>BT70 1UJ |
| **Cineál Bainistíochta:** | Voluntary |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 12 Samhain 2007 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | N/A |

### 1. <u>Sonraí faoi na Páistí</u>

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 18 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 13 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 13 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 5 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d’fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán* | 94.2% | - |

* Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| Líon: | Lánaimseartha | Páirtaimseartha |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | - | 3 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | - | 3 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | - | 1 |

| Líon: ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| Fad ama sheisiún na maidine | Fad ama sheisiún an tráthnóna | Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe |
|---|---|---|
| 3 hours | - | 188 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 13 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 84.6% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 5 |

**NAÍSCOIL UÍ CHLEÍRIGH, DÚN GEANAINN, CO THÍR EOGHAIN, BT70 1UJ (5AB-0547)**

## RÉAMHRÁ

1. Tá Naíscoil Uí Chléirigh suite i gcóiríocht shoghluaiste ar thailte Pháirc Uí Néill, Lios an Choill. Tá teacht ag na páistí ar áit bheag dhaingean súgartha amuigh faoin spéir. Is ó cheantar mór máguaird a thagann na páistí.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Cuireadh na barúlacha sin san áireamh mar chuid den chigireacht agus pléadh ceisteanna ar bith, a ardaíodh, leis an fhoireann. Is é an tuairim a bhí ag na daoine a d'fhreagair go raibh siad thar a bheith sásta le caighdeán an oideachais a bhí an t-ionad a sholáthar.

3. Tá láidreachtaí tábhachtacha i gcaighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí. Tá polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an ionad réamhscolaíochta le haghaidh cosaint leanaí. Tá roinnt nithe beaga breise de dhíth lena chinntiú go mbeidh siad sin cuimsitheach. Ina measc caithfear teacht ar chomhaontú faoi ráiteas frithbhulaíochta agus sin a dhoiciméadú agus a chinntiú go shíneoidh na tuismitheoirí foirmeacha toilithe a bhainfidh le cúram pearsanta na bpáistí. Léirítear ón fhianaise sa chigireacht go gcuireann an fhoireann na polasaithe agus na modhanna oibre sin i bhfeidhm go comhsheasmhach.

4. Tá láidreachtaí móra i gclár an ionaid le haghaidh cur chun cinn na sláinte agus na folláine agus tugtar aird ar fhorbairt agus ar fheidhmiú clár itheacháin shláintiúil agus gníomhaíochta coirp chun na páistí a spreagadh le stíl bheatha níos sláintiúla a bheith acu.

## CAIGHDEÁN AN OIDEACHAIS A SHOLÁTHRAÍTEAR

5. Tá atmaisféar cluthar carthanach san ionad. Bíonn caidreamh an-mhaith idir dhaoine ag gach leibhéal. Cruthaíonn an fhoireann timpeallacht dhaingean thacúil a bhíonn ina cuidiú ag na páistí agus iad ag éirí féinmhuiníneach neamhspleách. Tá na páistí socair dea-mhúinte; spreagtar iad le súgradh go cairdiúil agus le cuidiú a thabhairt dá chéile.

6. Áit gheal fhairsing atá sa seomra súgartha agus na háiteanna súgartha leagtha amach go han-soiléir. Tá cuid de shaothar na bpáistí ar taispeáint agus is féidir teacht go furasta ar bhunús na n-acmhainní. Ba chóir don fhoireann leagan amach an tseomra a fheabhsú lena chinntiú go n-úsáidfear an spás uile atá ar fáil go héifeachtach le suim na bpáistí a mhúscailt agus a choinneáil beo.

7. Bíonn cothromaíocht oiriúnach sa chlár ama laethúil idir saorshúgradh agus gníomhaíochtaí iomchuí a bhíonn faoi stiúir daoine fásta. Eagraítear am sneaice na bpáistí ar bhonn neamhfhoirmiúil agus lena linn sin bíonn deiseanna ag na páistí a gcuid scileanna sóisialta agus a gcuid neamhspleáchais a fhorbairt. Bíonn deiseanna rialta ag na páistí bheith ag súgradh taobh amuigh, bheith i mbun rann agus amhrán agus seisiúin scéalaíochta a bheith acu.

8. Bíonn idirghníomhaíocht na foirne leis na páistí ina spreagadh acu le bheith ag súgradh go socair agus sult agus greann a bheith ann. Bíonn comhrá acu leis na páistí faoin súgradh atá ar siúl agus cuidíonn siad leo ceangail a aimsiú idir nithe sa churaclam agus iad ag foghlaim. Caithfidh an fhoireann éisteacht níos éifeachtaí le cuid smaointeoireachta na bpáistí féin agus iad ag cur síos ar na nithe a bhfuil spéis acu iontu agus sin a úsáid ar bhonn níos éifeachtaí le tuilleadh smaointeoireachta a chothú iontu. Is cainteoirí inniúla Gaeilge iad na baill foirne agus tá siad ag leanúint de bheith ag cur lena gcuid Gaeilge agus iad ag freastal ar chúrsa aitheanta. Tá cuma ar a lán de na páistí go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha.

9. Déantar cur síos sna pleananna ar chlár leathan mheáite le haghaidh na bpáistí agus è deartha le forbairt ar gach uile bhealach a spreagadh iontu. Bíonn réimse de théamaí agus de thopaicí oiriúnacha ann agus iad ina gcúnamh le cineálacha éagsúla taithí foghlama a chruthú do na páistí. Bíonn an phleanáil ghearrthéarmach mionchruinn agus aimsítear inti na gnéithe sin den fhoghlaim a bhfuil rún ag an fhoireann a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí éagsúla súgartha. Déantar an phleanáil a luacháil go rialta; úsáideann an fhoireann an luacháil sin níos éifeachtaí chun cuid riachtanas agus ábhar spéise na bpáistí aonair agus na ngrúpaí a aimsiú agus chun freagairt dóibh.

10. Tugann clár oideachais an ionaid deiseanna foghlama sásúla do na páistí i mbunús na réimsí den churaclam réamhscoile. Léiríonn na pointí a leanas gnéithe sonracha den chlár.

- Tugtar aird go cúramach ar chothú fhorbairt phearsanta, shóisialta, mhothúchánach na bpáistí. Tá na páistí in ann roghanna neamhspleácha a dhéanamh agus bheith freagrach as nithe pearsanta dá gcuid féin. Tá siad féinmhuiníneach agus toil mhór acu don obair; léiríonn siad go bhfuil tuiscint chuí acu ar na rialacha agus ar na gnáthaimh riachtanacha.

- Tá an fhoireann ag tosú a phleanáil clár súgartha don áit amuigh faoin spéir lena chinntiú go mbeidh deiseanna rialta ag na páistí ar shúgradh fisiceach fuinniúil. Tá a lán de na páistí ag foghlaim scileanna iomchuí láimhsithe agus iad ag úsáid uirlisí beaga amhail iallacha i bpoill, siosúir agus marcóirí.

- Cuirtear réimse gníomhaíochtaí cruthaitheacha ar fáil leis na páistí a spreagadh le triail a bhaint as ábhair éagsúla. Ba chóir tuilleadh deiseanna a thabhairt do na páistí lena gcumas cruthaitheach agus an tsamhlaíocht acu a fhorbairt. Bíonn deiseanna ann go minic ar amhránaíocht neamhfhoirmiúil agus ar sheinm ceoil; tá na páistí ag cruinniú stór oiriúnach rann agus amhrán agus is léir go mbaineann siad an-sult astu.

- Baineann na fhoireann úsáid mhaith as na deiseanna súgartha le forbairt a dhéanamh ar scileanna éisteachta na bpáistí. Bíonn an seisiún scéalaíochta á bhainistiú go han-éifeachtach. Ba chóir réimsí éagsúla súgartha a úsáid le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shuim na bpáistí sna chéad chéimeanna den scríobh. Ba chóir don fhoireann úsáid níos fearr a bhaint as leabhair ar fud an tseomra súgartha agus bheith ag tapú tuilleadh deiseanna le daoine aonair agus grúpaí beaga a dhéanamh páirteach sa scéalaíocht.

- Ina lán réimsí súgartha cothaítear bunsmaointeoireacht sa mhatamaitic. Úsáideann an fhoireann topaicí a bhaineann leis na séasúir agus an timpeallacht

chun eolas na bpaistí ar an saol ina dtimpeall a mhéadú agus chun suim sa saol a mhéadú iontu. Ba chóir tuilleadh deiseanna a thabhairt do na páistí, taobh istigh agus san áit súgartha amuigh faoin spéir, lena spreagadh chun an saol nádúrtha a thaiscéaladh agus a imscrúdú agus chun go gcuirfear lena dtaithí ar luathchoincheapa eolaíochta agus teicneolaíochta.

11. Tá córas sainoibrithe i bhfeidhm ag an fhoireann agus tá siad ag tosú a dhéanamh breathnóireachta agus taifeadadh ar fhreagairtí na bpáistí agus iad ag súgradh. Ba chóir don fhoireann a chinntiú go mbainfear úsáid níos éifeachtaí as an eolas a bhailítear ar fhorbairt na bpáistí lena chinntiú go dtabharfar dúshláin do na páistí agus go ndéanfaidh siad dul chun cinn taobh istigh den chlár a phleanálfar.

12. Tá an fhoireann i ndiaidh polasaí bunúsach sainriachtanas oideachais a ullmhú le treoir a thabhairt dóibh ina gcuid oibre le páistí a bhfuil tacaíocht bhreise uathu agus iad ag foghlaim. Caithfidh an fhoireann bheith ábalta teacht ar oiliúint le go n-éireoidh siad níos féinmhuiníní agus níos oilte agus iad ag cuidiú le páistí a bhfuil saindeacrachtaí foghlama acu.

13. Tá naisc éifeachtacha neamhfhoirmiúla agus fhoirmiúla ann idir an fhoireann agus na tuismitheoirí. Bíonn eolas faoi obair an ionaid ar fáil ar chlár fógraí na dtuismitheoirí agus sa nuachtlitir mhíosúil. Tuairiscíonn an fhoireann go bhfuil sé beartaithe acu eolas faoi dhul chun cinn na bpáistí a thabhairt do na tuismitheoirí dhá uair sa bhliain. Ba chóir don fhoireann naisc ar bhonn gairmiúil a chruthú idir iad féin agus ionaid réamhscolaíochta eile agus idir iad féin agus na bunscoileanna a n-aistreoidh na páistí chucu.

14. Is duine éifeachtúil í an ceannaire ag bainistiú an ionaid agus tá tuiscint láidir i measc na foirne gur meitheal mhaith iad. Bíonn cruinnithe rialta acu leis a chlár a luacháil agus cur chuige meabhraitheach acu ina gcuid oibre. Tá obair mhór déanta ag an saineolaí oideachais luath-óige i bhforbairt fhoriomlán an tsoláthair san ionad réamhscolaíochta seo. Bíonn an tacaíocht a thugtar dírithe go maith ar nithe a chuimsíonn, go háirithe, an dul chun cinn atá déanta i bhforbairt na pleanála scríofa agus sa chúnamh a thugtar don fhoireann le go mbeidh tuiscint níos doimhne acu ar ghnéithe den churaclam réamhscoile.

**15. Ar bhuanna an ionaid tá:**

- an t-éiteas an-dearfach atá bunaithe ar chaidreamh mhaith idir dhaoine ag gach leibhéal, agus a cothaíonn féinmhuinín agus neamhspleáchas sna páistí;
- an dóigh sheolta a n-eagraítear an seisiún agus a mhinice a bhíonn súgradh socair comhoibritheach ann;
- na deiseanna sásúla foghlama a bhíonn i mbunús réimsí an churaclaim réamhscoile;
- an dul chun cinn atá déanta ag an fhoireann agus iad ag forbairt na pleanála scríofa;
- an cheannaireacht éifeachtach agus dílseacht agus díograis na foirne; agus
- caighdeán na treorach a thugann an saineolaí oideachais luath-óige.

**16. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Agus é ag tabhairt faoin chuid is tábhachtaí de na réimsí sin, caithfidh an t-ionad:**

- a chinntiú go mbeidh idirghníomhaíochtaí na foirne níos éifeachtaí mar ghléas le suim na bpáistí a spreagadh agus le freastal ar a gcuid riachtanas, agus go mbainfidh siad úsáid níos tairbhí as na hacmhainní atá ann le go gcuirfear le taithí na bpáistí agus go gcuirfear lena gcuid smaointeoireachta agus lena gcuid foghlama; agus

- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na modhanna a úsáidtear le dul chun cinn na bpáistí a mheasúnú agus an t-eolas sin a nascadh leis an phleanáil scríofa.

17. Tá láidreachtaí ina lán gnéithe den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear san ionad réamhscolaíochta. Tá an chigireacht i ndiaidh roinnt nithe a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin i réimsí tábhachtacha agus is gá tabhairt fúthu sin le freastal go héifeachtach ar riachtanas gach páiste.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk